Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10288/1/26**
**REV 1**

**ENV 689**
**CLIMA 313**
**AGRI 464**
**FORETS 90**
**ENER 378**
**TRANS 393**
**IND 396**
**SAN 458**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce – Bliain chun cinn: staid na himeartha agus an bealach chun cinn<br>– Seisiún tuairimíochta |

In oirchill na Comhairle (Comhshaol) an 25 Meitheamh 2026, tá páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna ar na hairí maidir leis an ábhar sin san Iarscríbhinn.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra agus na ceisteanna ann a thabhairt ar aird agus a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**An Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce – Bliain chun cinn: staid na himeartha agus an bealach chun cinn**

**– Seisiún tuairimíochta –**

An 4 Meitheamh 2025, thíolaic an Coimisiún an Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce. Dhearbhaigh an Chomhairle, i gconclúidí an 21 Deireadh Fómhair 2025 uaithi, gur dhíol sásaimh di an straitéis sin. Eascraíonn an straitéis as na hábhair imní atá ag dul i méid maidir le ganntanas uisce, triomaigh, tuilte agus tionchair fhoriomlána an athraithe aeráide ar acmhainní uisce, ar éiceachórais agus ar earnálacha eacnamaíocha. Cuireann sí le *acquis* uisce an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear go háirithe an Treoir Réime maidir le hUisce, an Treoir maidir le Tuilte agus an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, chomh maith le Straitéis an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide. Tá sí ag teacht freisin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus leis an gconair chuig sprioc aeráide 2040 agus freagraíonn sí ar fhianaise atá ag dul i méid go bhfuil rioscaí a bhaineann le huisce ag dul i ndéine ar fud an Aontais. Tá triomach níos minice agus níos déine in go leor réigiún, tá laghdú ag teacht ar leibhéil screamhuisce agus tá méadú ag teacht ar an éileamh ar uisce ón talmhaíocht, ón tionsclaíocht agus ó cheantair uirbeacha. An tráth céanna, tá teagmhais mhillteanacha frasaíochta agus tuilte ag cur brú méadaitheach ar an mbonneagar agus ar na héiceachórais.

Is é is aidhm don straitéis an athléimneacht i réimse an uisce a neartú trí thimthriall iomlán an uisce a athbhunú agus a chosaint, ón bhfoinse go dtí an fharraige, chun tuilte, triomaigh agus ganntanas uisce a sheasamh ar bhealach níos fearr trí reachtaíocht uisce an Aontais atá ann cheana a chur chun feidhme go héifeachtach. Cuireann sí chun cinn cleachtais atá cliste ó thaobh uisce de, bonneagar glas, agus bearta chun truailliú a laghdú, lena n-áirítear substaintí díobhálacha amhail PFAS in uisce óil. Féachann an straitéis freisin le geilleagar atá cliste ó thaobh uisce de a chothú trí éifeachtúlacht uisce a fheabhsú, trí dhíriú ar laghdú 10 % ar thomhaltas uisce ar fud an Aontais faoi 2030, agus bonneagar a nuachóiriú, sceitheadh uisce a laghdú, agus réitigh dhigiteacha a spreagadh trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach an tráth céanna. Ina theannta sin, is é is aidhm dó rochtain ar uisce glan inacmhainne a áirithiú trí fheasacht an phobail a mhúscailt, tacú le praghsáil fhreagrach uisce, agus oideachas agus comhroinnt dea-chleachtais a chur chun cinn, agus ceannaireacht dhomhanda an Aontais maidir le hathléimneacht i réimse an uisce a neartú an tráth céanna trí chomhar agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.

Bliain amháin tar éis ghlacadh na straitéise, molann an Uachtaránacht go mbreathnófaí ar an dul chun cinn a rinneadh agus gníomhaíochtaí a dhéanfar amach anseo a phlé, agus béim ar leith á leagan ar na trí shaincheist seo a leanas a dtabharfaidh na hairí aghaidh orthu:

## 1. Athbhreithniú ar an Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce agus cur chun feidhme náisiúnta:

I gcroílár na Straitéise Eorpaí maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce tá spreagadh nua ann don Aontas iarrachtaí a dhéanamh chun an **éifeachtúlacht uisce** a chur chun cinn. Tugtar isteach léi sprioc mhianaidhme chun éifeachtúlacht uisce a fheabhsú 10 % faoi 2030 agus tugtar isteach an prionsabal 'Tús Áite don Éifeachtúlacht Uisce'. Mínítear an prionsabal a thuilleadh sa Mholadh ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2025 maidir le 'Tús Áite don Éifeachtúlacht Uisce: Treoirphrionsabail'[1].

De réir Thuarascáil 2025 ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil/Lárionad Téamach Eorpach maidir le Coigilteas Uisce[2] ar mhaithe le hEoraip atá athléimneach ó thaobh uisce de, **tá éagsúlacht mhór sna féidearthachtaí coigiltis** ar fud réigiúin an Aontais agus ar fud na n-earnálacha, ach tá laghduithe móra ar astarraingt uisce indéanta. D'fhéadfaí na laghduithe sin a bhaint amach trí bhearta teicniúla agus oibríochtúla chun caillteanais agus sceitheadh a laghdú chomh maith le feabhas a chur ar an éifeachtúlacht uisce sa táirgeadh leictreachais, sa talmhaíocht, sa soláthar poiblí uisce, agus sa mhonaraíocht. Tá acmhainneacht mheasta coigilte uisce in aghaidh na hearnála in AE-27 idir 45-95 % i bhfuinneamh (gléasraí cumhachta fuaraithe), 5-20 % sa talmhaíocht, 20-50 % sa soláthar uisce poiblí agus 30-50 % sa tionsclaíocht (féach an tábla thíos).

---

1 https://environment.ec.europa.eu/publications/commission-recommendation-water-efficiency-first-guiding-principles_en

2 https://www.eea.europa.eu/en/analysis/publications/water-savings-for-a-water-resilient-europe

Tábla 1. Acmhainneacht mheasta coigilte uisce in aghaidh na hearnála in AE-27

| | **Leictreachas — fuarú gléasra cumhachta** | **Talmhaíocht** | **Soláthar poiblí uisce, lena n-áirítear turasóireacht agus seirbhísí** | **Earnáil na tionsclaíochta** | **Eile (e.g. mianadóireacht, cairéalacht agus tógáil)** |
|---|---|---|---|---|---|
| Meán-astarraingt uisce in aghaidh na bliana (2000-2022) (milliún $m^3$) | 72,300 | 59,300 | 38,700 | 28,200 | 3,000 |
| Astarraingt bhliantúil uisce mar chéatadán den iomlán i gcomhair earnálacha eacnamaíocha | 36 % | 29 % | 19 % | 14 % | 2 % |
| Acmhainneacht theoiriciúil coigilte uisce san earnáil (% d'astarraingt bhliantúil uisce na hearnála) | 45-95 % | 5-20 % | 20-50 % (10-30 % sa turasóireacht) | 30-50 % | Ní dhearnadh measúnú orthu san fhaisnéisiú seo |

**Foinse**: (Wolters et al., 2025) bunaithe ar shonraí ó Gníomhaireacht Comhshaoil Eorpach 2024.

Chun tacú le cur chun feidhme an Mholta agus chun rannchuidiú leis an uaillmhian an éifeachtúlacht uisce a mhéadú 10 % faoi 2030, tá an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara, go háirithe i gcomhthéacs Mheitheal na Comhstraitéise Cur Chun Feidhme maidir le Ganntanas Uisce agus Triomaigh, ag obair ar **mhodheolaíocht chomhpháirteach a fhorbairt le haghaidh spriocanna éifeachtúlachta uisce**, agus difríochtaí críochacha agus difríochtaí eile idir tíortha, réigiúin agus earnálacha á gcur san áireamh. Tiocfaidh deireadh le hamlíne an tsrutha oibre seo in **R4 2026**. Le tacaíocht ó shainchomhairleoir, rinne an Grúpa thart ar 40 modheolaíocht a mhapáil ar fud tionscnaimh phoiblí agus phríobháideacha chun spriocanna a bhaineann le huisce a leagan síos agus tá sé ag driogadh anois gnéithe áirithe ó na modheolaíochtaí sin ar féidir leo, le chéile, a bheith mar bhonn do mhodheolaíocht Eorpach nó do mhodheolaíochtaí Eorpacha chun spriocanna éifeachtúlachta a leagan síos ar an leibhéal stórála uisce, iompair uisce agus úsáide uisce.

## 2. Digiteáil agus bainistiú níos cliste ar uisce

Fógraíodh sa Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce go bhforbrófaí **Plean Gníomhaíochta uile-Aontais maidir le digiteáil na hearnála uisce**. Chun tacú leis an tionscnamh seo, sheol an Coimisiún le déanaí glao ar fhianaise a dhúnfaidh an 24 Meitheamh 2026[3]. Moladh do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara eile a dtuairimí agus a moltaí a chur ar fáil.

Is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta Digiteach don Earnáil Uisce ilroinnt i gcórais bainistithe uisce na hEorpa a shárú trí chomhtháthú agus comhordú digiteach níos fearr a chur chun cinn ar fud thimthriall an uisce agus idir leibhéil rialachais. Trí chomhroinnt sonraí agus réitigh dhigiteacha níos fearr a chumasú, féachann sé le héifeachtúlacht a fheabhsú, ualaí riaracháin a laghdú, athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann le huisce a neartú, agus tacú le cur chun feidhme éifeachtach an phrionsabail 'Tús Áite don Éifeachtúlacht Uisce'.

Díreoidh an Plean Gníomhaíochta atá ar na bacáin ar na dúshláin shonracha roimh an earnáil uisce agus áireofar ann **dhá phríomhcholún**: (i) réitigh dhigiteacha a úsáid trí chistiú agus comhroinnt eolais chun scileanna digiteacha a fhorbairt agus aistriú teicneolaíochta a spreagadh san earnáil uisce; agus (ii) tacú le comhroinnt sonraí uisce trí fhorbairt na dtairseacha sonraí náisiúnta a chothú chun an ilroinnt a shárú agus chun sonraí a dhéanamh so-aimsithe, inrochtana saor in aisce, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte, i gcomhréir le ceanglais na Treorach maidir le Sonraí Oscailte. Tá an Plean mar chuid de Chlár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2026[4]. Feidhmíonn sé áit a dtagann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach le chéile, agus tacaíonn sé go díreach le cuspóirí an Chompáis Iomaíochais[5] trí chuidiú le hinfhaighteacht acmhainní a áirithiú ar fud earnálacha éagsúla.

---

3 Ionchur á lorg ag an gCoimisiún maidir leis an bplean gníomhaíochta digiteach don earnáil uisce - an Comhshaol

4 https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/strategy-documents/commission-work-programme/commission-work-programme-2026_en

5 https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/competitiveness-compass_en

**Cuirfidh** an plean **leis an méid seo a leanas**: (i) an straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga[6] agus an plean um mór-roinn na hIntleachta Saorga[7], arb é is aidhm dóibh úsáid na hintleachta saorga a éascú le haghaidh cothabháil thuarthach agus faireachán fíor-ama; agus (ii) an straitéis um an Aontas Sonraí Eorpach[8], a thacaíonn le comhroinnt sonraí uisce trí fhorbairt na dtairseacha sonraí náisiúnta a chothú chun an ilroinnt a shárú agus chun sonraí a dhéanamh so-aimsithe, inrochtana saor in aisce, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte, i gcomhréir le ceanglais na Treorach maidir le Sonraí Oscailte[9].

**3. Maoiniú don Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce a shlógadh:**

Le hathbhreithniú meántéarma Bheartas Comhtháthaithe an Aontais[10], tugadh isteach níos mó solúbthachta lenar féidir leis na Ballstáit cistí 2021–2027 a atreorú i dtreo tosaíochtaí straitéiseacha agus athléimneacht uisce á cur i dtábhacht mar cheann de na príomhthosaíochtaí agus tairbhe á baint as pacáiste dreasachtaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Mar thoradh air sin, **rinneadh EUR 3,1 billiún a ath-leithdháileadh in 16 Bhallstát**, agus tiomnaíodh formhór na tacaíochta chun **bonneagar fuíolluisce agus uisce óil** a thógáil nó a uasghrádú, agus chun **athléimneacht uisce agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní a fheabhsú**. Áirítear ar na hinfheistíochtaí atá beartaithe freisin córais **stórála nua** agus **idirnaisc** idir córais uisce a fhorbairt, éiceachórais uisceacha a chosaint agus limistéir a bhfuil ardluach comhshaoil ag baint leo **a athbhunú**. Cuimsítear leo freisin **córais luathrabhaidh chun tuilte** a chosc chomh maith le **héifeachtúlacht** fheabhsaithe soláthair uisce **trí dhigiteáil**, uathoibriú agus barrfheabhsú.

Tá **Clár Uisce BEI dar luach EUR 15 bhilliún** ar an mbóthar ceart freisin agus tá an t**Saoráid Chomhairleach um Bainistiú Inbhuanaithe Uisce** a fógraíodh mar ionad ilfhreastail do chomhairle BEI maidir le huisce i bhfeidhm go hiomlán agus is féidir léi tacú le fothú acmhainneachta agus le seachadadh píblíne tionscadal.

---

6 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/apply-ai
7 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/ai-continent-action-plan
8 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/data-union
9 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32019L1024
10 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/qanda_26_710

Ag aithint dó an ranníocaíocht thábhachtach ó mhaoiniú príobháideach leis an gclár oibre maidir le hathléimneacht uisce, tá an Coimisiún ag obair ar sheoladh **Luasaire um Infheistíocht san Athléimneacht Uisce** chun 20 cás píolótach nuálach a chur chun feidhme maidir le coinneáil uisce nádúrtha agus éifeachtúlacht uisce, lena dtabharfar le chéile infheisteoirí uisce áitiúla, soláthraithe réiteach agus páirtithe atá buailte ag fadhbanna chun gníomhaíochtaí comhchosúla a spreagadh ar fud an Aontais.

**Ceisteanna ar na hairí**

*Iarrann an Uachtaránacht ar na hairí a marana a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:*

1. Bliain amháin tar éis ghlacadh na Straitéise Eorpaí maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce, cén dul chun cinn atá déanta agus cad iad na dúshláin ar an leibhéal náisiúnta a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht uisce a chur chun cinn? Cad iad na ceachtanna is féidir a fhoghlaim chun tacú le cur chun feidhme níos éifeachtaí na straitéise sna blianta amach romhainn?

2. Cad iad na dea-chleachtais agus an taithí a d'fhéadfadh a bheith ag na Ballstáit, agus cén tacaíocht ar leibhéal an Aontais a bhfuil súil agat léi ón bPlean Gníomhaíochta um Dhigiteáil don earnáil uisce atá ar na bacáin chun dlús a chur le cur in úsáid réiteach amhail méadrú cliste uisce, cianbhraiteacht, nó leathchúplaí digiteacha chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce?

3. Conas is féidir linn leas a bhaint as infheistíocht phríobháideach níos mó agus úsáid níos fearr a bhaint as ionstraimí nuálacha maoiniúcháin chun dlús a chur le cur chun feidhme na Straitéise maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh na coinníollacha agus na dreasachtaí is gá ag na Ballstáit chun tionscadail uaillmhianacha athléimneachta uisce a fhorbairt?